Studyclix Sample Solutions

Junior Cycle Sample Paper

Marking Scheme

IRISH T2

Common Level

## Question 1-4 = Aural

The first four questions in this paper are the aural questions. All answers must be in Irish. Aim to spell as accurately as possible but keep in mind full marks will be given where answers are not spelled 100% correctly but an honest effort is made by the candidate to spell the word according to what they hear and in a way that looks Irish, e.g no 'k's etc. Pay attention to the question, if you are asked for two pieces of information, two points must be given for full marks. Each piece is played twice - once through with a pause to right, and a second time with a pause after also.

**Aural Transcript**

**Ceist 1: Cainteoir**

Iarfhlaith Ó Gallchóir anseo. Tá mé i mo chónaí in aice le (I live beside) Leifear i gContae Dhún na nGall.
Tá beirt deartháireacha agam, Séamus agus Eoin. Tá Séamus san Astráil ag obair mar **innealtóir** *(engineer)* agus tá Eoin i nGaillimh ag freastal ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. **Tá an-spéis agam i gceol tíre** *(I'm really interested in country music)* agus bím ag éisteacht go minic leis ar m'fhón póca. Is aoibhinn liom an ceoltóir Nathan Carter agus **chuaigh mé chuig ceolchoirm dá chuid** *(I went to a concert of his)* anuraidh.

**Ceist 2: Fógra**

An **príomhoide** *(principal) anseo*. Tá **fógra** *(announcement)* agam daoibh. Mar is eol daoibh níl an **córas teasa** *(the heating system)* ag obair ó am lóin inniu. Mar sin, beidh an scoil dúnta amárach agus **an lá dár gcionn** *(and the following day)* **chun an córas a dheisiú** *(to fix the system)*. Osclófar an scoil arís maidin **Dé Luain seo chugainn** *(next Monday morning).* Sheol mé téacs chuig bhur dtuismitheoirí faoi seo.

**Ceist 3: Píosa nuachta**

Tá **Páirc Fhoraoise Loch Cé** *(Lough Key Forest Park)* suite in aice le Mainistir **na Búille** *(Boyle)* i gContae Ros Comáin. Is ionad saoire iontach í Páirc Fhoraoise Loch Cé **don chlann ar fad** *(for the whole family)*. Tá go leor le déanamh ann **do gach aoisghrúpa** *(for every age group).* Is féidir dul **ag dreapadóireacht** *(climbing)* i mbarr na gcrann, dul ar **thuras báid** *(boat trip)* nó dul ag rothaíocht ar fud na háite. Tá bialann álainn agus siopa deas ann freisin.

**Ceist 4: Comhrá**

| | |
|---|---|
| **Tomás:** | Dia dhuit, a Mháire. Cad a thugann go hIonad Siopadóireachta Dhún Droma i mBaile Átha Cliath thú inniu? (what brings you to Dundrum Shopping Centre today?) |
| **Máire:** | Ó Dia is Muire dhuit, a Thomáis. Táim féin agus mo chairde ag siopadóireacht anseo inniu. |
| **Tomás:** | Conas atá an tsiopadóireacht, a Mháire? Ar cheannaigh tú aon rud duit féin? |
| **Máire:** | Tá an tsiopadóireacht ar fheabhas. Tá siopaí iontacha agus bialanna áille anseo. An rud is fearr liom ar fad ná na sladmhargaí den scoth (the great sales) atá ar fud na háite. Agus tá an rogha faisean (choice of fashion) ar fheabhas. Cheannaigh mé éadaí galánta, bróga aoibhne agus mála láimhe dom féin go dtí seo. An bhfuil tú féin ag siopadóireacht anseo, a Thomáis? |
| **Tomás:** | Nílim, a Mháire. Is amhlaidh go bhfuilim ar cuairt (on a visit) chuig mo chol ceathracha. Táimid ar an mbealach (on the way) chuig an bpictiúrlann anois go bhfeicfimid an scannán *The Avengers: End Game*. Ina dhiaidh sin, táimid le dul chuig bialann Iodálach i gcomhair dinnéir. |

| | |
|---|---|
| **Máire:** | Ní bheidh díomá ort i dtaobh an scannáin (the film won't disappoint), a Thomáis. Chonaic mise *The Avengers: End Game* an deireadh seachtaine seo caite agus bhí sé ar fheabhas. Tugann Brie Larson taispeántas iontach aisteoireachta (gives a great display of acting) agus tá an t-aicsean ar fad dochreidte (all the action is unbelievable). Bain taitneamh as. |
| **Tomás:** | Slán agat, a Mháire. |

**Ceist 1**

**a.**
in aice le Leifear i gContae Dhún na nGall

**b.**
beirt deartháireacha

**c.**
Is innealtóir é Séamas. Is mac léinn é Eoin.

**d.**
One of the following answers: Bíonn sé ag éisteacht go minic le ceol tíre ar a fhón póca./Is aoibhinn leis an ceoltóir Nathan Carter agus chuaigh sé chuig ceolchoirm dá chuid anuraidh.

**Ceist 2**

**a.**
an Príomhoide

**b.**
Níl an córas teasa ag obair ó am lóin inniu.

**c.**
maidin Dé Luain seo chugainn

**Ceist 3**

**a.**

ionad saoire iontach

**b.**

one of the following: dul ag dreapadóireacht i mbarr na gcrann/dul ar thuras báid/dul ag rothaíocht ar fud na háite

**c.**

**This question asks you for a personal answer based on what you've heard about Loch Cé Forest Park. Any valid answer is relevant here.**

Ba mhaith. Tá go leor le déanamh ann (there's loads to do) do gach aoisghrúpa./Is féidir dul (yo can go) ag dreapadóireacht i mbarr na gcrann./Is féidir dul ar thuras báid./Is féidir dul ag rothaíocht ar fud na háite./Tá bialann álainn ann./Tá siopa deas ann.

**Ceist 4**

**Mír 1**

**a.**

ionad siopadóireachta Dhún Droma i mBaile Átha Cliath

**b.**

na sladmhargaí den scoth atá ar fud na háite

**Mír 2**

**c.**

an phictiúrlann

**d.**

Tugann Brie Larson taispeántas iontach aisteoireachta.

Solutions by studyclix.ie

## Ceist 5 - Reading Comprehension

**a.**
ceithre leagan

**b.**
Is amhránaí agus ceoltóir iontach í Ally.

**c.**
Tá saol ceoil Ally ag dul ó neart go neart.

**d.**
**This question requires you to give your opinion on whether or not you think Lady Gaga is a good actress or not based on the information given about her. Any point backed up by the text is relevant here.**

Is dóigh. Tá a cumas aisteoireachta le feiceáil go láidir sa scannán (her acting ability is seen strongly in the film)./**Tá an-teacht i láthair inti ar stáitse** *(she has a great on stage presence).*/**Tá a cumas amhránaíochta iontach don ról** *(her singing ability is central to the role).*

**e.**
Chan siad **an t-amhrán buaiteach** (winning song) 'Shallow' a bhain gradam Oscar do Lady Gaga le haghaidh an amhráin úrnua is fearr.

**f.**
**Déarfainn leo dul ann** (I would tell them to go). Tá aisteoirí iontacha sa scannán./Tá plota an scannáin suimiúil./tá na hamhráin sa scannán ar fheabhas

## Ceist 6

This question asks you to answer on a novel you have studied in 2nd or 3rd year. Candidate must know the title of the novel, the name of the author and the name of an interesting character from the novel, all of which will be awarded marks. Try to pick a character that you know a lot about as this will be easier to write on and gain marks.

There is then a space for brainstorming. While there are no marks awarded here, it's recommended that you plan your answer and note down any key words relating to the text.

**If the novel you have studied is 'Daideo':**

Teideal an úrscéil: Daideo
Ainm an údair: Áine Ní Ghlinn
Ainm an charachtair spéisiúil: Liam

**If the novel you have studied is 'Cúpla':**

Teideal an úrscéil: Cúpla
Ainm an údair: Ógie Ó Céilleachair
Ainm an charachtair spéisiúil: Sharon

**a.**

This question asks for two traits of the interesting character and an example in the novel of these traits. Any relevant traits will be accepted as long as the candidate can back up this trait with evidence from the novel. A good knowledge of the plot is required to receive top marks. You will receive marks for the content and for the accuracy of Irish used.

**If the novel you have studied is 'Daideo', and the character you picked is 'Liam':**

**Tréith 1: soineanta (innocent)**

Sampla ón úrscéal: Is buachaill soineanta é Liam. **Ní thuigeann sé an dáinséar a bhaineann le stráinséirí** *(he doesn't understand the danger of strangers)* ach an oiread, agus **insíonn sé gach rud faoina shaol le Daideo** *(he tells daideo everything about his life*). **Tá sé ag iarraidh am a chaitheamh leis an bhfear seo, cé nach bhfuil aithne aige air** *(he wants to spend time with this man, even though he doesn't know him).*

**Tréith 2: grámhar (loving)**

Sampla ón úrscéal: **Is buachaill grámhar é Liam chomh maith** *(Liam is a loving boy too).* Tá a lán grá aige dá mháthair. Tá sé ar an traein ag éalú óna saol agus óna athair ach go háirithe, ach ansin **tosaíonn sé ag smaoineamh ar a mháthair***(he starts thinking about his mother).* **Céard a dhéanfaidh sí ina haonar anois le hathair Liam?** (*what will she do on her own now with Liam's dad?)* **Socraíonn Liam go caithfidh sé** *(Liam decides he will spend)* cúpla uair i mBaile Átha Cliath agus ansin **rachaidh sé ar ais go dtí an teach** *(he will go back to his house)* mar mothaíonn sé **ciontach** *(guilty).*

**If the novel you have studied is 'Cúpla' and the character you picked was 'Sharon'**

**Tréith 1: ceanndána (headstrong)**

Sampla ón úrscéal: Is cailín cheanndána í mar **déanann sí cibé rud atá sí ag iarraidh a dhéanamh** *(she does whatever she wants to do).* Mar shampla, nuair atá sí ag iarraidh dul amach sa charr le Jack de Grás, insíonn sí lena tuismitheoirí go bhfuil sí ag fanacht siar ar scoil **ag déanamh tionscadail** *(to do a project).*

Solutions by studyclix.ie

**Tréith 2: místuama (wreckless)**
Sampla ón úrscéal: Is cailín místuama í mar nuair a thugann Micheál piollaí di, **ní chuireann sí ceist maidir le céard iad** *(she doesn't ask what they are)* - **is cuma leí** *(she doesn't care).* Tá seo thar a bheith **dáinséarach** *(dangerous)* agus **tarlíonn timpiste mar gheall air seo** *(this causes an accident).*

**a.**
This question tells you that RTÉ want to make a film out of the novel you have studied, but they aren't happy with the ending. Candidates must create an alternative ending. Length-wise use the space given as a guide, which in this case is three quarters of a page. Candidates can choose at what point they want to write a different ending, so long as only the end is changed. They have full freedom to write whatever ending they want. Marks will be awarded for content (knowledge of the earlier part of the novel to write a new ending) and accuracy in Irish.

**If the novel you have studied is 'Daideo':**

Bhí an traein ag teacht isteach i stáisiúin Houston. Bhí sceitimíní ar Liam an lá a chaitheamh le daideo agus a chara Manús, lón a ithe leo agus **cuairt a thabhairt** *(to visit)* ar an zú. Phioc sé suas a mhála agus chuir sé ar a dhroim é. Rinne daideo an rud chéanna lena mhála. Bhí **paisnéirí eile** *(other passengers)* ag seasamh suas chomh maith agus ag seasamh ag na dorais. Bhí an traein beagnach stoptha nuair a **mhothaigh Liam lámh ar a ghualainn** *(when Liam felt a hand on his shoulder)*. Fear na dticéad a bhí ann!. 'Níl sibh ag dul áit air bith' a dúirt sé le Liam agus Daideo 'tá na Gardaí anseo agus tá sibhse i dtrioblóid mhór!'. **Go tobann léim na Gardaí ar an traein** *(suddenly the guards jumped on the train)* agus **rug siad gréim ar dhaideo** *(they grabbed daideo).* 'Ó sin é, cinnte!' dúirt Garda amháin. 'Céard?' arsa Liam. 'Bhuel a bhuachaill, **tá an t-adh ort gur aithin fear na dticéad an seanfhear seo** *(you're lucky that the ticket man recognised this old man).* **D'fhuadaigh sé buachaill óg cúpla mí ó shin** *(he kidnapped a boy a few months ago)*, **nach bhfuil faighte againn fós (***that we still haven't found)*, agus **bhí an fear seo á lorg againn** *(and we were looking for this man)*. Agus tá sé againn anois!'. Bhí fearg ar dhaideo ach **ní raibh rogha aige** *(he had no choice),* **bhí air na Gardaí a leanúint** *(he had to*

*follow the Gardaí)* go dtí an carr chun dul go dtí an stáisiúin. **Bhí Liam an-bhuíoch as fear na dticéad** *(Liam was very grateful to the ticket man)*, **mar muna raibh glaoch curtha aige ar na Gardaí** *(as if he hadn't called the Gardaí)*, **ní bheadh a fhios aige céard a tharlódh dó** *(he wouldn't know what would have happened to him).*

**If the novel you have studied is 'Cúpla',**

Thug Jamie, duine de na buachaillí as Baile Átha Cliath sa Ghaeltacht, a uimhir theilifóin do Sharon. Seolann Sharon téacs chuige agus cuireann sí ceist air 'ar mhaith leat dul amach anocht nuair atá gach duine ina gcoladh agus **toitíní a chaitheamh?** *(to smoke cigarettes)'.* Ach níl **Jamie ag iarraidh é sin a dhéanamh** *(Jamie doesn't want to do that)*. **'Nílim ag iarraidh na rialacha a bhriseadh** *(I don't want to break rules),* agus imrím peil do Bhaile Átha Cliath, mar sin **tá sé tábhachtach dom a bheith sláintiúil** *(so it's important to be healthy)'.* Tá ionadh ar Sharon, **ach taitníonn sé leí go bhfuil sé muiníneach go leor 'níl' a rá** *(she likes that he's confident enough to say no).* Thar an chuid eile den chúrsa, **cuireann Sharon aithne níos fearr ar Jamie** *(she gets to know Jamie better*). **Is duine cineálta, ciallmhar agus greannmhar é** *(he's a kind, sensible and funny person)*. **Tá tionchar maith aige ar Sharon mar tá an-mheas aicí air (***he has a good effect on Sharon because she has great respect for him)* agus **tá sí ag iarraidh a bheith cosúil leis** *(she wants to be like him).* Bíonn siad ag damhsa le chéile gach oíche ag an gcéilí agus ar an dioscó deireanach ar an Satharn phóg siad. **Bhuail Éile le Jamie freisin** *(Éile met Jamie too)* agus **réitíonn siad an-mhaith le chéile** *(they get on really well).* **Tá áthas ar Éile go bhfuil iompar Sharon i bhfad níos fearr óna bhuail sí le Jamie** *(Éile is happy that Sharon's behaviour is a lot better since she met Jamie)* agus **tá í féin agus Sharon ag réiteach i bhfad níos fearr le chéile freisin** *(her and Sharon are getting on a lot better too).* Stopann Sharon ag ól. **Déanann sí an-iarracht** *(she makes an effort)* sa rang Gaeilge sa Ghaeltacht agus ag deireadh an chúrsa, **faigheann sí duais mar 'Cailín an chúrsa'** *(she gets a prize as 'Girl of the course').* Nuair a chríochnaíonn an cúrsa, tagann na tuismitheoirí chun **na cailíní a bháiliú** *(to collect the girls)* agus **buaileann siad** *(they meet)* le Jamie. Tá brón ar Sharon go bhfuil an cúrsa thart ach déanann sí agus Jamie plean **bualadh le chéile go luath** *(to meet up soon).*

## Ceist 7 - Grammar

| | |
|---|---|
| **1:** Eanáir | **7:** déanaí |
| **2:** d'imigh | **8:** thuirling |
| **3:** aeir | **9:** balun |
| **4:** Bhí | **10:** ó |
| **5:** bhalún | **11:** Mheicsiceo |
| **6:** Seachtain | |

Solutions by studyclix.ie

## Ceist 8 - Dán/Amhrán

This question requires you to answer on a poem or song you have studied throughout 2nd and 3rd year. It is essential, as with all other literature, to know the title of the work and who wrote it. You will gain marks for this information.

**If the poem you studied was 'Stadeolaíocht':**

Teideal an dáin: Stadeolaíocht
Ainm an fhile: Marcus Mac Congail

**If the poem you studied was 'Dán do Lara':**

Teideal an dáin: Dán do Lara
Ainm an fhile: Mícheál Ó hAirtnéide

**a.**
This question asks the theme of the poem/song. Marks will be awarded for a theme relevant to the poem/song mentioned and evidence from the poem/song showing the theme. Multiple answers are correct here so long as they are relevant. Marks will also be awarded for accuracy of Irish used.

**If the poem you studied was 'Stadeolaíocht':**

**Is é 'tionchar an fhóin chliste' téama an** dáin (*the theme of the poem is the influence of the smart phone)*. Úsáideann an file scéal gearr greannmhar **chun teachtaireacht a thabhairt dúinn** *(to give us a message)* faoi thionchar an fhóin chliste. **Chaill an file an bus mar bhí sé sáite sa fón** *(the poet missed the bus because he was glued to his phone).* **Táimid ar fad ag cailliúint amach ar** rudaí *(we are all missing out on things)* gach lá mar bíonn muid sáite sa fón. Bíonn gach duine ag baint úsáide as na **meáin shóisialta** *(social media),* ag féachaint ar TikToks nó ag imirt cluichí ar na fóin. Cinnte, tá tionchar mór ag an bhfón cliste ar an saol anois.

Solutions by studyclix.ie

**If the poem you studied was 'Dán do Lara':**

**Is é grá athar príomhthéama an dáin** *(fatherly love is the theme of the poem).* Tá an file ag caint faoina iníon, Lara, agus **cé chomh aláinn is atá sí** *(how lovely she is).* Tá gruaig álainn uirthi - **cosúil le crann fuinseoige trí thine** *(like an ash tree on fire).* **Tá glór binn aicí** *(she has a sweet voice)* agus **is féidir léi éin a mhealladh lena glór** *(she can attract birds with her voice).* Meallann sí an nádúr - an **fhuiseog** *(the lark)*, na **nóiníní** *(daisies),* na **coiníní** *(rabbits),* an **lon dubh** *(blackbird),* an **lasair choille** *(goldfinch)* agus na **beacha** *(bees).* Bíonn siad go léir ag súgradh léi. **Ceapann na beacha gur bláth í** *(the bees think she is a flower)*. **Tá súil ag an athair nach mbeidh brón uirthi** *(the father hope she will never be sad)* agus go mbeidh sí sásta. **Tá súil aige go mbeidh sí chomh álainn** *(he hopes she will be as lovely as)* is atá a máthair.

**a.**

**This question asks you to pick a descriptive image from the song/poem. You may pick any image, just make sure you are able to describe it well and expand on it for full marks.**

**'Stadeolaíocht':**

**'Brúim cnaipe na haipe'-** *I press the button of the app*

**Bíonn fóin chliste in úsáid ag gach duine na laethanta seo** *(everybody uses a smartphone these days).* **Is minic go mbíonn muid sáite san fhón cliste** *(often we are glued to the phone).* **Ní thugann muid faoi deara céard atá ar siúl timpeall orainn** *(we don't notice what's going on around us)***.** Tá an file ag déanamh an rud chéanna san íomhá seo. Tá sé ag féachaint ar a fhón agus ní fheiceann sé an bus ag dul thar bráid.

**'Dán do Lara':**

Feicimid cailín óg, deich mbliana d'aois **ag súgradh le hainmhithe** *(playing with animals),* éin agus bláthanna**. Déanann an file comparáid** *(the poet compares)* idir dath gruaige an cháilín óig agus an crann fuinseoige trí thine. Tá glór binn ag Lara agus meallann sí na fuiseoige.

Solutions by studyclix.ie

**c.**
This question asks you what role the descriptive image has in terms of the theme, i.e how does the image help portray the theme. Candidates must clearly link the image with the theme and describe how it helps portray the theme. Marks will be given based on content (knowledge of image and theme) and accuracy in Irish.

**‘Stadeolaíocht’**

Is é téama an dáin seo ná ‘tionchar an fhóin chliste’ agus seo go díreach céard atá ann san íomha thuairisciúil den bhfear ag brú ‘cnaipe na haipe’. **Feiceann muid go héasca** *(we see easily)* an tionchar atá ag an bhfón póca ar dhaoine san íomhá seo. **Tá an file chomh sáite sa fón** *(the poet is so glued to the phone),* **ag úsáid aipe le feiceáil cathain go mbeidh an bus ag teacht** *(using an app to see when exactly the bus will be coming),* **nach bhfeiceann sé** *(that he doesn’t see)* an bus ag teacht os a chomhair agus cailleann sé é!!

**d.**
This question asks you to explain the title of the poem, say that you did or didn’t like it and give a reason why. Full mark answers need good understanding of the title and a good explanation as to why you did or didn’t like it. Marks will also be awarded for accuracy in Irish.

**‘Stadeolaíocht’**

Tá an teidéal seo suimiúil. **Baineann ‘stad’ le stad an bhus** *(‘stop’ has to do with the bus stop),* mar tá an dán seo faoi fhear ag stad an bhus. Baineann ‘eolaíocht’ leis an ábhar, agus ciallaíonn sé go bhfuil saghas teicníc a bhaineann le bus a fháil.
Is maith liom an teideal mar **ceapaim go n-oireann sé an dán** *(I think that it suits the poem).* Tá an fear ag déanamh an rud ceart chun an bus a fháil, ag seiceáil na haipe, ach **déanann sé dearmad** *(he forgets)* céard a rinne daoine nuair nach raibh aip ann - seasamh ag stad an bhus agus **súil a choimeád ar an mbóthar!** *(keep an eye on the road!)*

## Ceist 9

This question gives you two images, related to different topics, and asks you to pick one and write about it, mentioning the importance of it, two negative points about it, two positive points about it and a recommendation relating to it that you would give someone. For full marks you must mention all of the above, use good vocabulary related to the topic and accurate Irish.

**Image 1 - teicneolaíocht**

**An tábhacht a bhaineann leis an teicneolaíocht** *(the importance of technology)*

Mar is eol do gach duine, tá an teicneolaíocht an-tábhachtach sa **lá atá inniu ann** *(nowadays).* Tá an teicneolaíocht gach áit timpeall orainn. Tá ríomhaire againn, teilifíseán digiteacha sa seomra suí agus fón cliste inár bpóca – **gan trácht** *(without mentioning)* ar Alexa a bhíonn ag éisteacht linn ar fud an tí. **Ní féidir linn aon rud a dhéanamh gan an teicneolaíocht (we can't do anything without technology)**

**Dhá phointe dhearfacha** *(two positive points)*
Maidir liom féin, is breá liom an teicneolaíocht. **Táim in ann** *(I am able)* a lán rudaí a dhéanamh leí, mar shampla, **teachtaireachtaí a sheoladh** *(send messages)* chuig mo chairde, labhairt le mo chairde, féachaint ar scannáin agus ar na cláir theilifíse **is déanaí** *(latest).*
Tá an saol i bhfad níos éasca leis an teicneolaíocht freisin. Mar shampla, is féidir obair bhaile a dhéanamh an-tapa agus bím ábalta **treoracha** *(directions)* a fháil go héasca ar Google Maps.
**Dhá phointe dhiúltacha** *(two negative points)*
**Faraor** *(unfortunately*), caitheann roinnt daoine **an iomarca ama (too much time)** ag úsáid na teicneolaíochta, mar shampla, Facebook agus na **meáin shóisialta** *(social media)* eile.
Chomh maith leis sin, tarlaíonn an-chuid *bulaíochta (bullying)* ar líne. Bíonn daoine óga **ag fulaingt** *(suffering*) **i ngan fhios dá dtuismitheoirí ná dá múinteoirí** *(without their parents or teachers knowing).*
**Moladh amháin atá agat féin do dhaoine** *(one recommendation you have for people)*
Caithfimid a bheith cúramach nach gcaithimid an iomarca ama ar na meáin shóisialta. Tá go leor rudaí tábhachtacha eile sa saol – spórt, ceol agus go leor caithimh aimsire eile.

Solutions by studyclix.ie

**Image 2 - Healthy eating**
**Bia Folláin - healthy food**

**An tábhacht a bhaineann le bia folláin -** *(the importance of healthy food)*
**Ní féidir a shéanadh** *(it cannot be denied)* go bhfuil bia folláin an-tábhachtach do gach duine, **is cuma** *(it doesn't matter)* cén aois iad. **Ní fhaigheann muid ach colainn amháin** *(we only get one body)* ach tá sé tábhachtach **go dtugann muid aire dó** *(that we look after it),* agus **an bealach is fear** *(best way)* chun é sin a dhéanamh ná bia sláintiúil a ithe.

**Dhá bhuntáistí a bhaineann le bia folláin -** *(two advantages of healthy food)*
Buntáiste amháin a bhaineann le bia folláin ná **go mothaíonn tú** *(you feel)* **i bhfad níos fearr** *( a lot better)* agus bíonn níos mó **fuinnimh** *(energy)* agat. Sin an fáth go n-itheann daoine spóirtiúil bia sláintiúil, mar **teastaíonn** *(need)* a lán fuinneamh uathu chun spórt a imirt.
Buntáiste eile a bhaineann le bia folláin ná go mbíonn tú níos sláintiúla. Mar shampla, má itheann tú bia maith ar nós **torthaí** *(fruit)* agus **glasraí** *(vegetables)* agus má ólann tú go leor uisce, beidh **craiceann** *(skin)* agus gruaig níos sláintiúla agat.

**Dhá míbhuntáistí a bhaineann le bia folláin -** *(two disadvantages of healthy food)*
Níl aon dabht faoi, go minic tá bia folláin ar nós torthaí, glasraí, **feoil** *(meat)* srl **níos costasaí** *(more expensive).* Tá sé **i bhfad níos saoire** *(a lot cheaper)* bia ar nós arán, seacláid agus milseáin a cheannach. **Muna bhfuil** *(if you don't have)* mórán airgid agat, **seans** *(probably)* nach mbeadh tú ábalta bia sláintiúil a cheannach.
Míbhuntáiste eile ná uaireanta níl an **blas** *(taste)* ar bhia sláintiúil chomh deas is atá an blas ar bhia míshláintiúil, agus **ciallaíonn sé** *(this means that)* seo má tá an **rogha** *(choice)* agat, tá sé deacair an bia folláin a roghnú.

**Moladh amháin maidir le bia folláin -** *(a recommendation regarding healthy food)*
Ba chóir duit **iarracht mhaith a dhéanamh** *(make a good effort)* chun bia folláin a ithe **don chuid is mó** *(most of the time),* mar tá a lán buntáistí a bhaineann leis. Ach **ag an am chéanna** *(at the same time)* tá sé ceart go leor rud éigin deas a ithe **ó am go ham!** *(from time to time)*

## Ceist 10

This is the drama question. Title of drama and author are worth marks so make sure you know these. A detailed knowledge of the plot and characters, along with vocab relating to the drama and accurate Irish is needed for full marks.

**Teideal an dráma: Gleann Álainn**
**Ainm an scríbhneora: Brian Ó Baoill**

**a.**
**This asks you to describe the climax of the story. You can pick what you consider to be the climax of the drama, usually it will be a tense moment or where something crucial happens.**

Is é buaicphointe an dráma Gleann Álainn ná nuair a bhuann na daoine óga a gcás cúirte **i gcoinne** *(against)* Shéamuis agus Pheadairín. Faigheann an bheirt fhir fíneáil €800. Éiríonn leis na daoine óga feabhas a chur ar an domhan agus an timpeallacht a chaomhnú. Cinnte ní bheidh na fir ag dumpáil arís!

**b.**
**This question asks how you felt about the climax of the drama. You can use any emotion here so long as you can explain why you felt this.**

Is é buaicphointe an dráma nuair a bhuann na **déagóirí** *(teenagers)* an cás cúirte. **Bhí áthas an domhain orm** *(I was really happy)* gur bhuaigh siad an cás cúirte mar rinne siad an rud ceart. **Mhothaigh mé bródúil** *(I felt proud)* as na déagóirí mar **uaireanta ceapann daoine** *(sometimes people think*) gur **cuma le daoine óga faoin timpeallacht** *(that young people don't care about the environment) ach* níl sin **fíor** *(true),* cosúil sa scéal seo. **Is déagóir mé** *(I'm a teenager)* agus ceapaim go bhfuil an timpeallacht an-tábhachtach.

**c.**
**Here you are asked to pick any character from the drama and ask them three questions along with the answers you reckon they'd give based on what is known about them. You can use the key words suggested if you wish.**

**a.**

**Carachtar: Séamus**

Q1. Cén fáth go raibh tú ag dumpáil go mídhleathach?

A1. Bhí mé ag dumpáil go mídhleathach mar **ní raibh mé ag iarraidh íoc** *(I didn't want to pay)* as an mbruscar a dhumpáil i gceart (to dump the rubbish properly).

Q2. **Conas a mhothaigh tú faoin bhfíneáil a íoc?** *(how did you feel about paying the fine?)*

A2. **Ní raibh mé sásta ar chor ar bith** *(I wasn't happy at all).* D'íoc mé fíneáil £800 agus sin a lán airgid!

Q3. **An mbeidh tú ag dumpáil bruscair arís?** *(will you be dumping rubbish again?)*

A3. Ní bheidh, tá sé **róchostasach** *(too expensive)* agus tuigim anois go bhfuil sé mícheart agus go dona don timpeallacht.

Solutions by studyclix.ie

## Ceist 11

This question tells you that there are three jobs to be filled by TG4. You must choose one and create an advertisement to encourage people to apply. You must mention the 4 suggested points for full marks - information about TG4 (e.g what are they, where are they based, what do they do etc), the job in question (in this case all three are 'presenters', either news, sport or weather, what personal skills are needed (e.g fluency in Irish, an interest in sport, weather etc, good communicators, puntual etc) and the last date that CVs are accepted. Pick a job that you know vocab related to it, as this will be needed for full marks, along with all four points included and accurate Irish used.

**Sample answer:**
**Tá post le líonadh ag TG4** *(TG4 have a job to fill)* **do Láithreoir *Aimsire*** *(for a weather presenter).* Is stáisiún teilifíse agus raidió é TG4 agus déanann siad gach rud i nGaeilge. Tá cláir spóirt, fáisnéise, sobaldráma agus scannán acu. Bíonn ceoil Ghaelach agus **agallaimh** *(interviews)* le cainteoirí Gaeilge faoi rudaí difriúla ar an raidió. Tá sé suite i nGaeltacht Chonamara, Co. na Gaillimhe.
Leis an bpost mar Láithreoir Aimsire, tá an **réamhaisnéis na haimsire** *(weather forecast)* ar siúl gach trathnóna tar éis an nuachta ag a leathuair tar éis a sé. **Caithfidh an Láithreoir Aimsire an aimsir atá ann i bpáirteanna difriúla sa tír a léamh amach** *(the weather presenter must read out the weather from different parts of the country).*
Caithfidh an duine a bheith **líofa** *(fluent)* i nGaeilge, agus in ann **a bheith ag obair ar fhoireann** *(to be able to work as part of a team)* agus a bheith **poncúil** *(punctual).*
**Is é an cúigiú lá de mhí Feabhra an dáta deireanach a ghlacfar le CV** *(the 5th of February is the last date CVs will be accepted*). **Chun tuilleadh eolais a fháil** *(to get more information),* téigh chuig an suíomh idirlíon www.TG4.ie.

Solutions by studyclix.ie

Solutions by studyclix.ie